Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — An taobh eacnamaíochta de Chomhaontú Gorm don Aontas — riachtanais infheistíochta i dtaca leis an uisce san Aontas

(tuairim féintionscnaimh)

(2023/C 349/09)

Rapóirtéir: **Florian MARIN**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	25.1.2023
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
An rannóg atá freagrach	Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta agus Comhtháthú Eacnamaíoch agus Sóisialta
Dáta a glactha sa rannóg	27.6.2023
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	13.7.2023
Seisiún iomlánach Uimh.	580
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	181/6/5

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Measann an Coiste gur ceart bunúsach de chuid an duine rochtain a bheith aige ar uisce atá sábháilte, glan agus ar ardchaighdeán, agus síleann sé go bhfuil sé iomlán doghlactha daoine san Aontas a bheith gan rochtain fós ar uisce.

1.2. Ba cheart forbairt an gheilleagair uisce san Aontas a bheith cuimsitheach, dea-rialáilte, trédhearcach, an-digiteálaithe, athléimneach, inbhuanaithe, intuartha agus slán, ag tabhairt tús áite do dhaoine agus ag giniúint breisluacha. An t-uisce a thomhlaíonn na tionscail éagsúla, tá sé riachtanach go ndéanfaidís an costas sochaíoch a bhaineann leis sin a sheasamh ar bhealach cothrom.

1.3. Tá an Coiste ag tathant ar institiúidí an Aontais an tábhacht agus an bhéim chéanna a leagan ar an gComhaontú Gorm don Aontas a leag sé ar an gComhaontú Glas don Aontas, agus an dá chomhaontú sin comhlántach lena chéile.

1.4. Ní mór an méid seo a leanas a dhéanamh agus ní mór é a bheith i gceist leis an gcreat rialála a ghabhfadh le geilleagar gorm an Aontais:

— é a bheith bunaithe ar phrionsabal na dea-bhaile eacnamaíochta;

— coinníollachtaí sóisialta agus dlúthpháirtíocht chríochach a chomhtháthú go trasnach;

— cothromaíocht a bhaint amach idir ábhair imní comhshaoil, shóisialta agus eacnamaíocha;

— tairbhe a bhaint as samhlacha rialála nuálacha trasnáisiúnta lena gcothaítear maoiniú, lena rialaítear an ról atá ag an earnáil phríobháideach, lena gcuirtear feabhas ar bhainistiú na n-acmhainní uisce, agus lena spreagtar iomaíochas san Aontas;

— samhlacha comhoibríocha gnó agus prionsabail an gheilleagair chomhroinnte a ghlacadh;

— creat institiúideach a ghlacadh nach gcuirfeadh bac ar iomaíochas ghníomhaíochtaí eacnamaíocha an Aontais i margadh an domhain;

— trédhearcacht níos fearr a chur ar fáil maidir le tionscnaimh inbhuanaitheachta.

1.5. Tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí an méid seo a leanas:

— aistriú ar an tsamhail gheilleagrach atá ann faoi láthair, i dtreo ceann níos inbhuanaithe lena ngearrtar cánacha ar an róthomhaltas agus atá go hiomlán comhsheasmhach leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe);

— meastóireacht a dhéanamh ar phraghsanna uisce ar fud na mBallstát i gcomhréir leis an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as;

— coincheapa eacnamaíocha bunúsacha, amhail rialacha margaidh, an inmharthanacht eacnamaíoch nó an táirgiúlacht, a chur in oiriúint d'fhonn na luachanna iltaobhacha a bhaineann le huisce a chur san áireamh;

— reachtaíocht chomhleanúnach i ngach Ballstát maidir le sásra AE chun uisce a stóráil le linn tréimhsí fliucha;

— straitéis fhadtéarmach chun an athléimneacht a mhéadú in aghaidh ganntanais uisce;

— raon feidhme fhreagracht leathnaithe an táirgeora a leathnú chun bainistiú an uisce iarmharaigh a chur san áireamh;

— aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist a bhaineann le huisce neamhioncaim ([1]) trí thús áite a thabhairt don chothabháil leanúnach; tionscnaimh atá dírithe ar sceitheadh uisce a laghdú go suntasach agus taighde ar theicneolaíochtaí nua chun sceitheadh uisce a bhrath;

— meastóireacht chuimsitheach a dhéanamh láithreach ar chórais séarachais faoi thalamh i ngach Ballstát, lena n-áirítear sonraí a lárú ar leibhéal an Aontais;

— na rialacha maidir le státchabhair a oiriúnú do shaintréithe a ghabhann le hinfheistíocht sa chóras uisce;

— praghsanna a bhfuil cinnteacht an tsoláthair an uisce go fadtéarmach san áireamh iontu;

— infheistíochtaí i ndálaí oibre, poist agus oiliúint ardcháilíochta agus gníomhaíochtaí sonracha sa réimse sin, ag díriú ar an nglúin óg go háirithe.

1.6. Aithníonn CESE, d'fhonn dul chun cinn a dhéanamh i dtreo tionscail aeráidneodracha, gur cheart astaíochtaí tionsclaíochta san uisce a chur san áireamh freisin, mar aon leis an drochthionchar ar shláinte an duine agus na costais shóisialta a bhaineann leo. Ina fhianaise sin, tá CESE ag iarraidh go bhforbrófaí caighdeáin shonracha maidir le húsáid an uisce in earnálacha eacnamaíocha éagsúla, amhail an talmhaíocht agus an tionsclaíocht. Is féidir an méid sin a bhaint amach ach grúpa saineolaithe a bhunú a mbeadh sé de chúram air treoirlínte earnáilsonracha a cheapadh maidir le húsáid an uisce.

1.7. Tá an méid seo a leanas á mholadh ag CESE:

— Comhaontú Gorm don Aontas agus Clár Oibre Uisce don Aontas a fhorbairt i ndlúthshineirge leis an gClár Oibre Uirbeach don Aontas ([2]), Comhaontú Liúibleána ([3]) agus an Fhís Fhadtéarmach le haghaidh Cheantair Thuaithe an Aontais ([4]);

— tomhaltas an uisce a chuíchóiriú trí bhíthin na mbeart seo a leanas a chur chun feidhme:

— praghsanna a dhifreáil idir an tomhaltas chun críoch teaghlaigh agus chun críoch seirbhísí poiblí bunriachtanacha agus an tomhaltas chun críoch táirgiúil;

— córas praghsála a chuireann in aghaidh an tomhaltais neamh-inbhuanaithe ar bhonn éifeachtach agus a dhreasaíonn an tomhaltas chun críoch táirgiúil;

— íoscheanglas maidir le uisce a chur ar fáil in aisce chun cearta an duine a áirithiú a áireamh i ndearadh an phraghais sin;

— trédhearcacht iomlán a áirithiú maidir le costais agus praghas an uisce i leith na ngeallsealbhóirí uile;

— pleanáil phoiblí amháin a dhéanamh ar leibhéal na habhantraí (an screamhuisce san áireamh) ar bhealach lena gcosnaítear leas ginearálta an Aontais agus lena n-áirithítear an sreabhadh uisce éiceolaíoch is gá sa dobharlach bunaidh;

([1]) Is éard atá i gceist le huisce neamhioncaim uisce a théann amú sa chóras dáileacháin uisce agus nach dtéann chomh fada leis an gceann scríbe a bhí beartaithe dó. Ciallaíonn sin nach n-úsáidtear an t-uisce agus nach n-íoctar as, rud a imríonn tionchar ar gheilleagair áitiúla agus ar na hacmhainní áitiúla atá ar fáil.

([2]) Clár Oibre Uirbeach don Aontas.

([3]) Comhaontú Liúibleána agus an Clár Oibre Ilbhliantúil – An Clár Oibre Uirbeach don Aontas Eorpach a athnuachan.

([4]) Fís fhadtéarmach le haghaidh ceantair thuaithe: ceantair thuaithe níos láidre, níos nasctha, níos athléimní agus níos rathúla san Aontas.

— creataí rialála maidir le comhaontuithe lamháltais uisce a ghlacadh agus a neartú chun an t-uisce a bhainistiú mar leas poiblí seachas mar thráchtearra is féidir a thrádáil. Ba cheart an praghas a íocann an pobal as an uisce a bheith ag teacht lena stádas mar earra poiblí;

— aird agus maoiniú ar leith a dhíriú ar thionscadail uisce trasteorann;

— nuálaíochtaí suntasacha a bhaineann leis an uisce a mhalartú idir na Ballstáit agus tástáil ón mbun aníos a spreagadh agus sainiúlacht agus castacht an uisce á gcur san áireamh.

1.8. Measann an Coiste go bhfuil cistí an Aontais ríthábhachtach maidir le haistriú inbhuanaithe an uisce agus iarrann sé go ndéanfaí an méid seo a leanas:

— láimhseálfadh na Ballstáit infheistíocht uisce mar ardtosaíocht san ath-leithdháileadh laistigh de na cláir éagsúla;

— comhlántacht mhéadaithe idir Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa ([5]), an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, an Clár InvestEU, Interreg na hEorpa, agus cistí eile;

— gairm thiomnaithe ar thograí agus treoirlínte lena gcuirtear castacht agus sainiúlacht an uisce san áireamh;

— clár oibríochtúil tiomnaithe le haghaidh uisce agus le haghaidh infheistíochtaí críochacha comhtháite don gheilleagar gorm;

— earnálacha uisce a aithint i gclárthréimhse 2028–2034 agus, i gcás inarb ábhartha, clár oibríochtúil tiomnaithe don uisce;

— Ciste um Aistriú Gorm;

— cúnamh teicniúil a áirithiú le haghaidh na mBallstát chun tionscadail uisce a chur chun feidhme.

1.9. Measann an Coiste gur ríthábhachtach an athléimneacht a ionchorprú i gcritéir meastóireachta le haghaidh infheistíocht a bhaineann le huisce, ós rud é go bhféadfar costais a ghabhann le téarnamh ó theagmhais dhothuartha a laghdú ar an mbealach sin i gcás ina ndéantar amhlaidh maille leis na hinfheistíochtaí is fearr i mbearta laghdaithe riosca.

1.10. Ba cheart comhordú agus comhlántacht éifeachtúil a bheith ann idir an Coimisiún Eorpach, an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha i dtaca le hinfheistíochtaí uisce a mhaoiniú, de bhreis ar eochairtháscairí feidhmíochta comhchoiteanna i gcreat straitéiseach an Aontais.

2. **Creat beartais agus straitéiseach**

2.1. Ba cheart forbairt ar an ngeilleagar uisce a bheith cuimsitheach, dea-rialáilte agus trédhearcach, agus ba cheart na difríochtaí idir réigiúin agus pobail a bheith san áireamh ann. Ba cheart an fhorbairt sin a bheith an-digiteálaithe, athléimneach, inbhuanaithe, intuartha agus slán, agus comhlántacht á háirithiú idir earnálacha agus gníomhaithe tionsclaíocha, tús áite á thabhairt do dhaoine, an bheatha á cosaint agus breisluach á ghiniúint trí chur chuige saincheaptha maidir le héiceachóras inbhuanaithe cothrom.

2.2. Leagann CESE béim ar a thábhachtaí atá peirspictíochtaí nua maidir le creata beartais, socruithe institiúideacha agus pleanáil infheistíochta, lena n-áirítear níos mó trédhearcachta maidir le tionscnaimh inbhuanaitheachta agus treoirlínte agus aicmithe beachta a chruthú le haghaidh infheistíochtaí inbhuanaithe agus nuálacha. Ós rud é go bhfuil úsáid inbhuanaithe agus cosaint an uisce agus na n-acmhainní muirí ar cheann de na sé chuspóir comhshaoil a bunaíodh leis an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht ([6]), tá gá le gníomhartha tarmligthe ar leith maidir le húsáid inbhuanaithe an uisce (lipéid ghlasa, athchóiriú éiceachóras). Tarraingíonn CESE aird ar chomhluachanna an Aontais i dtaca le seirbhísí a théann chun tairbhe don leas eacnamaíoch ginearálta, mar a shainítear in Airteagal 14 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus mar a leagtar amach i bPrótacal Uimh. 26 maidir le seirbhísí leasa ghinearálta atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus CFAE ([7]).

([5]) Cistí struchtúrtha agus infheistíochta na hEorpa 2014-2020.
([6]) Rialachán (AE) 2020/852 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088, (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).
([7]) IO C 202, 7.6.2016, lch. 307.

2.3. Mar gheall ar shainiúlacht an uisce, ní mór an geilleagar uisce a bheith rialaithe agus lánurraim á tabhairt do dhínit agus cearta an duine, agus do riachtanais shóisialta, don chothromas agus bunriachtanais an duine agus na sochaí á dtrastáthú. Tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí córas breithiúnach a oiriúnú d'earnáil an uisce, córas a bhunófaí i gcomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus nósanna imeachta gasta chun dul i ngleic le díospóidí a bhaineann le huisce mar chuid de. Ba cheart struchtúir faireacháin fornáisiúnta agus ilearnála agus comhlachtaí rialachais a bhunú chun rialú níos éifeachtúla agus níos iomchuí a dhéanamh ar ghnólachtaí in earnáil an uisce agus ar úsáid an uisce i gcoitinne. Ba cheart ról na hearnála poiblí i mbainistiú an uisce a mhéadú nuair nach bhféadfaidh an margadh rochtain chothrom ar uisce a gheallúint do chách.

2.4. Tá CESE den tuairim gur cheart institiúidí a bhunú i ngach Ballstát chun a áirithiú go ndéanfaí cinntí eolasacha maidir le húsáid an uisce agus go n-úsáidfí an t-uisce go freagrach éifeachtúil. Ionas go mbeidh sé ar chumas na saoránach an rialú daonlathach a fheidhmiú go hiomlán, is gá a áirithiú go mbeidh eolas acu ar thimthriall an uisce agus ar chostas an timthrialla sin. Tá an Coiste ag iarraidh go mbeadh an Comhaontú Gorm ar aon tábhacht leis an gComhaontú Glas san Aontas.

3. **An Geilleagar Gorm**

3.1. Creideann CESE gur cheart todhchaí an gheilleagair uisce a bheith bunaithe ar phrionsabal gheilleagar na dea-bhaile agus iarrann sé go ndéanfaí machnamh ar choincheapa eacnamaíocha bunúsacha amhail rialacha margaidh, inmharthanacht eacnamaíoch nó táirgiúlacht, chun na luachanna éagsúla a bhaineann le huisce a chur san áireamh. Ba cheart an t-iomaíochas a shainmhíniú arís, ionas go nginfí rathúnais leis, ag cur riachtanais an duine san áireamh ann mar aon le rochtain chothrom ar an uisce do na daoine, don phobal agus do thionscail. Ba cheart na gnéithe sóisialta a chomhtháthú ar bhonn cothrománach sa gheilleagar uisce.

3.2. Is ríléir go bhfuil gá le haistriú ó bhonn sa rialachas chun an geilleagar uisce a chomhdhlúthú, aistriú lena n-áirítear cothromaíocht idir ábhair imní comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíoch. Caithfear leas a bhaint as samhlacha rialála nuálacha trasnáisiúnta lena gcothaítear maoiniú, lena rialaítear an ról eiticiúil atá ag an earnáil phríobháideach, lena gcuirtear feabhas ar bhainistiú na n-acmhainní uisce, agus lena spreagtar iomaíochas san Aontas.

3.3. Éifeachtaí an athraithe aeráide, na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa, an uirbithe thapa, na himirce, éifeachtaí fhás an daonra i limistéir uirbeacha thionsclaithe, agus na ngníomhaíochtaí tionsclaíochta, agus earnálacha nuálacha amhail an bithgheilleagar gorm, an bhith-theicneolaíocht agus an díshalannú, sin iad na nithe a chothaíonn an brú ar shamhlacha gnó an gheilleagair uisce. Ba cheart do ghnólachtaí samhlacha gnó comhoibríocha agus prionsabail an gheilleagair chomhroinnte a chomhtháthú chun freagairt níos fearr do na dúshláin shochaíocha agus chomhshaoil a bhaineann leis an uisce atá ann faoi láthair. Ní mór dlús a chur leis an idirghníomhaíocht agus an comhar idir institiúidí áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta ag cur san áireamh na cineálacha difriúla geallsealbhóirí atá in earnáil an uisce agus ní mór an t-idirphlé trasearnála a neartú freisin.

3.4. Tá an Coiste ag tathant ar an gCoimisiún creat maidir le hiomaíocht chothrom a bhunú le haghaidh gnólachtaí atá lonnaithe san Aontais i gcomparáid lena gcuid contrapháirtithe domhanda, agus chun cur chun feidhme comhaontuithe idirnáisiúnta maidir le comhar eacnamaíoch, dálaí oibre agus cosaint an chomhshaoil a neartú.

4. **Eacnamaíocht an Uisce**

4.1. Creideann CESE gur cheart an tsamhail gheilleagrach atá ann faoi láthair, faoina spreagtar tomhaltas uisce trí chánacha agus dreasachtaí, a aisiompú chun bheith níos inbhuanaithe agus comhsheasmhach go hiomlán leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe. Ní hamháin gur cheart úsáid an uisce a bheith inbhuanaithe, ach ba cheart é a bheith ina rannchuidiú freisin leis an dúlra a athbhunú sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma. Tá CESE ag iarraidh go mbeadh comhaontú fioscach domhanda ann d'fhonn an obair ar son na haeráide agus na hinfheistíochtaí san uisce a mhaoiniú.

4.2. Ba cheart comhleanúnachas soiléir éifeachtach a éascú idir na cánacha éagsúla a fhorchuirtear ar uisce ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus Eorpach. Tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí an méid seo a leanas:

— córas cánach uisce a fhorbairt le haghaidh uisce talún agus uisce dromchla agus é bunaithe ar asbhaintí chun rochtain ar uisce a éascú le haghaidh gach duine agus gach gníomhaí thionsclaíoch;

— meastóireacht a dhéanamh ar phraghsanna uisce ar fud na mBallstát i gcomhréir leis an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as;

— cánacha agus formhuirir a fhorchur le haghaidh úsáid neamh-inbhuanaithe an uisce, agus úsáid inbhuanaithe an uisce a spreagadh san am céanna;

— athbhreithniú ar an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha ([8]) a mhéid a bhaineann leis an tionchar atá aici ar éiceachóras uisce an Aontais.

4.3. Caithfidh an tAontas dul i ngleic leis an méadú ar an éileamh ar uisce, fadhb nach mbeidh ach ag dul in olcas le himeacht ama. Is féidir ganntanas uisce nó tuilte a bheith ina gcúis le difríochtaí idir an soláthar uisce agus an t-éileamh ar uisce, agus is féidir iarmhairtí tubaisteacha a bheith ann dá ndeasca. An éagothroime idir soláthar an uisce agus an t-éileamh ar uisce, tá drochthionchar á imirt aici ar na tionscail, na tomhaltóirí, agus na saoránaigh. An dul chun cinn i dtreo na dtionscal aeráidneodrach, ba cheart astaíochtaí tionsclaíochta san uisce ([9]) a chur san áireamh ann, mar aon leis an drochthionchar a imrítear ar shláinte an duine agus na costais shóisialta a bhaineann leo. Tá sé riachtanach go ndéanfadh na tionscail an costas sochaíoch a bhaineann leis na hastaíochtaí san uisce a sheasamh.

4.4. Tá CESE ag iarraidh go mbeadh reachtaíocht chomhleanúnach i ngach Ballstát maidir le sásra AE chun uisce a stóráil le linn tréimhsí fliucha, eadhon trí umair stórála agus córais athluchtaithe uiscígh faoi thalamh a thógáil. Tá CESE ag iarraidh go gcruthófaí straitéis fhadtéarmach chun athléimneacht in aghaidh ganntanas uisce a mhéadú, ag cur sainiúlachtaí aeráide réigiúnacha agus saintréithe tionsclaíocha san áireamh.

4.5. Maidir le hathstruchtúrú ar dhearadh phraghsanna an uisce san Eoraip, ní mór an t-ualach atá ar sheirbhísí éiceachórais i measc na ngeallsealbhóirí a chur san áireamh ann, sin agus cur chuige difreáilte maidir le prionsabal an phraghais iomlán a chur chun feidhme. Ar cheann de na cuir chuige atá ann, ba cheart praghas i bhfad níos ísle a ghearradh as an uisce arna úsáid chun críoch teaghlaigh agus chun críoch seirbhísí poiblí riachtanacha ná an t-uisce arna úsáid chun críoch gníomhaíochtaí táirgiúla. Ba cheart an nasc idir praghsáil costais imeallaigh agus éifeachtúlacht eacnamaíoch a chur san áireamh i ndreasachtaí praghais, mar aon le cothromaíocht agus inbhuanaitheacht, agus ba cheart iad a bheith mar chuid de phacáiste níos mó lena ndéanfaí úsáid inbhuanaithe uisce a spreagadh.

4.6. Tá an Coiste ag iarraidh go mbeadh trédhearcacht iomlán ann maidir leis na costais agus an praghas atá ar uisce i gcomhair na ngeallsealbhóirí uile. Tá CESE ag iarraidh go mbeadh praghsanna riartha ann i gcásanna áirithe dea-shainithe, agus tá sé á chur i bhfios go mbeidh gá faireachán cúramach a dhéanamh air sin chun a áirithiú go bhfaighidh na tomhaltóirí na seirbhísí a bhfuil siad ag íoc astu. Ba cheart tuairimíocht tráchtála i leith an uisce a sheachaint.

4.7. Tá CESE á thabhairt dá aire gur díréireach an t-ualach a bhíonn ar dhaoine bochta agus ar dhaoine atá leochaileach go sóisialta de dheasca thionchar an truaillithe agus róshaothrú na n-uiscíoch screamhuisce. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar tharaifí uisce agus meastóireacht á déanamh orthu, mar d'fhéadfadh éifeachtaí saofa a bheith ag baint leo agus d'fhéadfaí bochtaineacht uisce a ghiniúint agus anacair shóisialta a chruthú i measc an phobail leo. Tá CESE ag iarraidh go gcuirfí tús le plé fiúntach ar leibhéal an Aontais maidir le dearadh an phraghais chothroim ar uisce. Ba cheart íoscheanglas a áireamh i ndearadh an phraghais sin maidir le huisce a chur ar fáil saor in aisce chun cearta an duine a áirithiú. I struchtúr na bpraghsanna, ba cheart na dúshláin shochaíocha, aeráide agus thionsclaíocha atá ann faoi láthair a chur san áireamh mar aon leis na dúshláin a bheidh ann sa todhchaí. Tá CESE ag moladh go ndéanfaí cinnteacht an tsoláthair uisce go fadtéarmach a chur san áireamh go cothrománach i ndearadh na bpraghsanna.

4.8. Creideann CESE gur cheart freagracht leathnaithe an táirgeora a leathnú chuig bainistiú an uisce iarmharaigh, agus tacaíonn sé leis an athbhreithniú atá á dhéanamh faoi láthair ar an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh ([10]) ([11]). Ba cheart sineirgí a thabhairt isteach idir scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora agus ceanglais éicidhearthóireachta agus faisnéise. Ba cheart feachtais feasachta tiomnaithe lena nasctar geallsealbhóirí difriúla agus éagsúla a chur i bhfeidhm le haghaidh na dtomhaltóirí ionas go dtuigfidh siad agus ionas go n-aithneoidh siad an rud atá i gceist le húsáid inbhuanaithe an uisce.

4.9. D'fhonn cothabháil leordhóthanach ar chórais uisce a áirithiú agus soláthar méadaithe uisce a spreagadh, tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist a bhaineann le huisce neamhioncaim trí thosaíocht a thabhairt do thionscnaimh chothabhála leanúnacha atá dírithe ar sceitheadh uisce a laghdú go suntasach. Chun gur féidir na tionscnaimh sin a mhaoiniú i gceart, is gá 'riail óir' a thabhairt isteach le haghaidh infheistíochtaí poiblí. Cuireann CESE i bhfios go láidir go bhfuil caillteanais shuntasacha eacnamaíocha á nginiúint mar gheall ar chothabháil nár bainistíodh go maith agus nár tugadh dóthain maoinithe di, anuas ar bhainistiú neamhleor na sócmhainní. Ní mór teicneolaíochtaí nua chun sceitheadh a bhrath a fhorbairt láithreach agus ba cheart tacaíocht thiomnaithe a fhorbairt chuige sin.

([8]) Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17).

([9]) *Industrial pollutant releases to water in Europe*, an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil.

([10]) Togra le haghaidh Treoir maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh.

([11]) Treoir 91/271/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1991 maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (IO L 135, 30.5.1991, lch. 40).

4.10. Is údar imní don Choiste na measúnuithe neamhleora ar an mbail atá ar chórais séarachais faoi thalamh i roinnt Ballstát, agus tá sé ag iarraidh go ndéanfaí meastóireacht chuimsitheach láithreach, lena n-áirítear sonraí a lárú ar leibhéal an Aontais. Ba sheacht costasaí gan idirghabháil a dhéanamh ná obair dheisiúcháin a bheith le déanamh ar na líonra séarachais.

5. **Na himpleachtaí réigiúnacha a bhaineann leis an uisce**

5.1. Is ceart bunúsach í an rochtain ar uisce ardchaighdeán atá sábháilte glan, agus rud atá ríthábhachtach do shláinte, do dhínit agus do rathúnas gach uile dhuine freisin. Measann an Coiste go bhfuil sé doghlactha go hiomlán daoine a bheith san Aontas atá fós gan rochtain ar uisce.

5.2. Measann CESE gur ríthábhachtach go ndéanfaí an t-uisce a phríomhshruthú i ngach beartas a bhaineann leis (beartais fuinnimh, tráchtála, tionsclaíochta, talmhaíochta, etc.) agus go n-áiritheodh na Ballstáit sineirgí idir infheistíochtaí in earnálacha éagsúlacha atá cóngarach don uisce, an fhorbairt uirbeach, earnáil an bhia, an talmhaíocht agus an fuinneamh, mar shampla. Is rud é an t-uisce atá ríthábhachtach don fhorbairt uirbeach agus d'fhorbairt na tuaithe araon.

5.3. Tá CESE ag moladh go bhforbrófaí Comhaontú Gorm don Aontas agus Clár Oibre Uisce an Aontais a bheadh bunaithe ar chomhpháirtíocht infheistíochta uisce atá le forbairt i ndlúthshineirge leis an gClár Oibre Uirbeach don Aontas, mar aon le comhpháirtíocht théamach uisce i gcomhréir le Comhaontú Liúibleána agus i gcomhlántacht iomlán leis an bhFís Fhadtéarmach le haghaidh Cheantair Thuaithe an Aontais. Ba thábhachtach dlúthpháirtíocht chríochach, struchtúir rialachais iltaobhacha a áirithiú chun dul i ngleic le difríochtaí idir limistéir thuaithe agus uirbeacha agus comhdhlúthú oibreoirí réigiúnacha.

5.4. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar oileáin na Meánmhara agus na réigiún is forimeallaí a mbíonn orthu dul i ngleic le ganntanas sa soláthar uisce le linn tréimhsí triomaigh ar leith de dheasca an tsuímh gheografaigh atá acu. I gcás na limistéar sin, caithfear an soláthar uisce is gá a áirithiú trí chóras a thugann soláthar seasmhach do na teaghlaigh agus na gníomhairí eacnamaíocha.

5.5. Molann CESE pleanáil phoiblí a dhéanamh ar leibhéal na habhantraí (an screamhuisce san áireamh) ar bhealach lena gcosnófaí leas ginearálta an Aontais agus lena n-áiritheofaí an sreabhadh uisce éiceolaíoch is gá sa dobharlach bunaidh. Na bearta agus na hinfheistíochtaí san uisce a dhéantar d'fhonn limistéir a chosaint ar thuilte nó, ar fhaitíos tréimhsí triomaigh agus ar mhaithe leis an inseoltacht, d'fhonn méid níos mó uisce a choinneáil, ba cheart iad a dhíriú de bhreis air sin ar fheabhas a chur ar an mbithéagsúlacht agus aird a thabhairt ar shaintréithe geomoirfeolaíocha na habhantraí.

5.6. Ós rud é gur earra de chuid an phobail é an t-uisce, tá CESE ag moladh an ceart chun uisce a úsáid a shainiú go cruinn agus nach mór é a thomhas agus faireachán a dhéanamh air, agus na cineálacha dlíthiúla uile á gcur san áireamh amhail lamháltais, ceadanna, ceadúnais, cearta conarthacha agus úinéireacht gan roinnt, agus an t-uisce a urramú mar a bheadh leas coiteann ann. Ba cheart na cearta úsáide sin a bheith sothomhaiste i dtéarmaí dea-shainithe.

5.7. Molann CESE go ndéanfaidh an tAontas creataí rialála maidir le comhaontuithe lamháltais uisce a ghlacadh agus a neartú chun an t-uisce a bhainistiú mar leas poiblí seachas mar thráchtearra is féidir a thrádáil. Ba cheart an praghas a íocann an pobal as an uisce a bheith ag teacht lena stádas mar earra poiblí,, i gcomhréir iomlán le hAirteagal 14 CFAE agus le Prótacal 26 atá i gceangal le CAE agus CFAE. Tá CESE ag iarraidh go mbeadh rialacha sriantacha ann chun acmhainní uisce san Aontas a chosaint ionas nach ar mhaithe le geallsealbhóirí nach geallsealbhóirí de chuid an Aontais iad a bheidís á n-úsáid.

6. **Cistí an Aontais Eorpaigh**

6.1. Tá CESE ag iarraidh go mbeadh tuilleadh sineirge ann ar an leibhéal a bhaineann le glao ar thograí agus cláir oibríochtúla chun dul i ngleic le sainiúlachtaí na n-infheistíochtaí uisce agus an úsáid is fearr a bhaint as cistí an Aontais atá tiomnaithe don uisce agus don gheilleagar gorm. Ba cheart saintréithe séasúracha agus timthriallacha na ngníomhaíochtaí uisce ar an leibhéal a bhaineann le glao ar thograí agus i gclársceidealú a chur san áireamh. Tá an Coiste ag iarraidh ar na Ballstáit tús áite a thabhairt don infheistíocht san uisce i gcás ath-leithdháileadh cistí ó chláir éagsúla, agus na rialacha maidir le státchabhair a chur in oiriúint do chúinsí na hinfheistíochta san uisce.

6.2. Measann CESE nach leor an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe ([12]) chun tacú le forbairt agus le haistriú an gheilleagair ghoirm. Tá géarghá leis na gníomhaíochtaí incháilithe a éagsúlú, agus le comhlántacht a mhéadú idir CSIE ([13]), an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, InvestEU, Interreg na hEorpa agus cistí eile. Thairis sin, ba cheart na bunriachtanais ar a bhfreastalaíonn an t-uisce a chur san áireamh i bprionsabal iomaíochta na tionscadal uisce faoi Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa.

6.3. Tugann CESE dá aire gur ionstraimí iad Forbairtí Áitiúla atá á dTreorú ag an bPobal, Grúpaí Gníomhaíochta Áitiúla Iascaigh agus Infheistíochtaí Críochacha Comhtháthaithe (ITI) nach gcumhdaíonn ach cuid de na riachtanais infheistíochta. Tá CESE ag iarraidh go mbeadh clár tiomnaithe oibríochtúil ann le haghaidh an uisce agus go mbunófaí ITI don gheilleagar gorm, agus go mbeadh comhghaol ann idir glaonna éagsúla le haghaidh tograí agus measúnú tionchair ar infheistíocht atá maoinithe ag cistí an Aontais atá dírithe ar bhonneagar uisce. Molann CESE Ciste um Aistriú Gorm a bhunú trí na cistí atá ann cheana féin a dhíriú ar bhonn téamach nó trí chistí nua a chur ar bun. Ba cheart an Ciste um Aistriú Gorm Cóir sin a dhíriú ar réigiúin atá bocht ó thaobh uisce de agus ba cheart an t-aistriú i dtreo bainistiú inbhuanaithe uisce a chumhdach leis, agus éagothromaíocht i dtaca leis an rochtain ar uisce a sheachaint agus tacaíocht a thabhairt do spriocanna 2050 an Aontais, i gcomhréir iomlán leis an gCiste um Aistriú Cóir.

6.4. Tá CESE den tuairim gur cheart earnálacha uisce a aithint mar earnálacha straitéiseacha i gclárthréimhse 2028–2034 den chéad CAI eile, agus, i bhfianaise an ról aitheanta atá aige mar urlabhra shochaí shibhialta eagraithe an Aontais, ba cheart CESE a bheith rannpháirteach san Ardáin um Speisialtóireacht Chliste maidir leis an nGeilleagar Gorm Inbhuanaithe ([14]). Molann CESE coinníollacht *ex ante* éigeantach a chur le clárthréimhse 2028–2034.

7. **An t-aistriú chuig samhlacha nua inbhuanaithe gnó**

7.1. Molann CESE do na Ballstáit imscrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir buiséid phoiblí agus uirlisí maolaithe riosca amhail ráthaíochtaí agus ionstraimí feabhsaithe creidmheasa a úsáid go straitéiseach chun feabhas a chur ar phróifíl riosca agus luaíochta infheistíochtaí agus maoiniú tráchtála, sluachistiú, agus infheistíochtaí cothromais a mhealladh. Tá imní ar an gCoiste go mbeadh fadhbanna ann sa todhchaí maidir le leithdháileadh cistiúcháin phoiblí i roinnt Ballstát mar gheall ar leibhéal an fhiachais phoiblí iontu faoi láthair, na rátaí úis méadaithe agus an meathlú atá ar rátáil chreidmheasa cheannasach. Baol an éillithe agus na doiléireachta rialála, de bhreis ar an ionchas meántéarmach nó fadtéarmach a bhíonn i gceist, tugann CESE dá aire gur féidir go gcuirfeadh an méid sin beaguchtach orthu siúd a d'fhéadfadh infheistíochtaí príobháideacha a dhéanamh i dtógáil na líonraí uisce.

7.2. Creideann CESE gur cheart infheistíochtaí inbhuanaithe a bhaineann le huisce a fheabhsú trí ionstraimí maoiniúcháin inbhuanaithe amhail bannaí glasa, bannaí sóisialta agus iasachtaí glasa, in éineacht le sainmhínithe comhsheasmhacha thar dhlínsí éagsúla, leibhéal ní b'fhearr caighdeánaithe agus trédhearcachta i sonraí. Tá CESE ag moladh go ndéanfaí bannaí gorma le haghaidh infheistíochtaí uisce ar leibhéal an Aontais a rialáil maille le hionstraimí saincheaptha le haghaidh uisce atá tiomnaithe do FBManna (e.g. trí chreidmheasanna séasúracha). Tá CESE ag iarraidh ar Eurostat freisin caibidil ar leith agus staidreamh a sholáthar le haghaidh sonraí faoin ngeilleagar uisce.

7.3. Trí thosca comhshaoil, sóisialta, agus rialachais ([15]) a ionchorprú sa phróiseas cinnteoireachta infheistíochta, is amhlaidh a chumasaítear raon níos leithne deiseanna infheistíochta agus cuirtear an chobhsaíocht airgeadais chun cinn. Tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí infheistíochtaí sa bhonneagar, dálaí oibre, poist agus oiliúint ar ardchaighdeán, agus tá sé ag iarraidh go mbeadh gníomhaíochtaí agus feachtais shonracha ann maidir le litearthacht uisce, go háirithe ag díriú ar an nglúin óg. Ba ríthábhachtach conair ghairme atá intuartha agus fadtéarmach chomh maith le pá leordhóthanach a áirithiú chun acmhainní daonna a choinneáil san earnáil uisce.

7.4. Ní mór do na Ballstáit infheistíochtaí san uisce a thuiscint, a chur chun cinn agus tacú leo, lena n-áirítear cistí cúnaimh teicniúil a úsáid, agus ba cheart don Choimisiún tacaíocht thiomnaithe a thabhairt chuige sin, go háirithe maidir le deiseanna chun uisce a athúsáid. Measann CESE gur ríthábhachtach acmhainní airgeadais a dhíriú ar thionscadail lena laghdaítear úsáid an uisce agus lena ngintear athúsáid uisce i ngach Ballstát, i gcomhréir le hAirteagal 9 den Treoir Réime maidir le hUisce ([16]).

([12]) An Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe.
([13]) Cistí struchtúrtha agus infheistíochta na hEorpa 2014-2020.
([14]) https://s3platform.jrc.ec.europa.eu/blue-growth
([15]) Critéir chomhshaoil, shóisialta, agus rialachais.
([16]) Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

7.5. Ba cheart comhordú agus comhlántacht éifeachtúil a bheith ann idir an Coimisiún Eorpach, an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha i dtéarmaí infheistíochtaí uisce a mhaoiniú. Áirítear leis sin, eochairtháscairí feidhmíochta comhchoiteanna a fhorbairt i gcreat straitéiseach an Aontais, de bhreis air an bhfaireachán timthriallach mar chuid den Seimeastar Eorpach. Imríonn bainc phoiblí ar fud an Aontais ról tábhachtach maidir le hinfheistíochtaí san uisce, agus ba cheart comhar geallsealbhóirí le bainc phríobháideacha a chomhdhlúthú.

8. **Infheistíochtaí**

8.1. Is tar éis meastóireacht a dhéanamh ar an éileamh fadtéarmach ar uisce ba cheart cinntí a dhéanamh san Aontas maidir le hinfheistíocht, sin agus tar éis meastóireacht chríochnúil ar infhaighteacht acmhainní uisce agus roghanna maoinithe, agus ba cheart na dúshláin a bhaineann le hoiriúnú don athrú aeráide san a chur áireamh chomh maith. Creideann an Coiste gur cheart treochtaí déimeagrafacha sonracha a chainníochtú sa phleanáil maidir le hinfheistíocht fhadtéarmach agus ba cheart an infheistíocht sin a bheith ailínithe le tionscnaimh in earnálacha eile, amhail pleanáil uirbeach, úsáid na talún nó an talmhaíocht. Ba cheart uasmhéadú stóráil charbóin ghoirm a chur san áireamh san fheabhas a bheidh á chur ar shaoráidí uisce. Tá CESE ag tathant ar na Ballstáit chun tionscnaimh phleanála spásúlachta shioncronaithe agus córais anailísíochta mórshonraí a chur chun feidhme. Ba cheart na costais oibríochtúla a chur san áireamh ar bhealach comhtháite in infheistíocht san earnáil uisce agus i maoiniú lena haghaidh.

8.2. Tá CESE ag iarraidh go mbeadh caighdeáin thiomnaithe ann maidir le húsáid uisce in earnálacha eacnamaíocha éagsúla, sa talmhaíocht agus sa tionsclaíocht, cuir i gcás, trí shainghrúpa a bhunú chun treoirlínte earnála maidir le húsáid a fhorbairt. Ní mór CESE a bheith rannpháirteach sa shainghrúpa sin.

8.3. Tá an nuálaíocht agus an teicneolaíocht ríthábhachtach chun éifeachtúlacht a spreagadh i mbainistiú an uisce. Tá an-tábhacht le malartú nuálaíochtaí suntasacha a bhaineann le huisce i measc na mBallstát agus le tástáil ón mbun aníos a spreagadh. Tá gá le hiarrachtaí breise chun meastóireacht a dhéanamh ar na costais agus na tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil a bhaineann le conairí infheistíochta éagsúla, idir leibhéal áitiúil, leibhéal an imchuach, an leibhéal náisiúnta, an leibhéal trasteorann agus an leibhéal domhanda fiú. D'fhéadfaí bailiú agus anailísiú sonraí uisce a fheabhsú trí theicneolaíochtaí nuálacha a chur chun feidhme, córais faireacháin satailíte ar chostas íseal lena rianaítear paraiméadair chriticiúla uisce. Ba cheart rannpháirtíocht na mBallstát a chur san áireamh chuige sin.

8.4. D'fhonn caipiteal fadtéarmach a thiomsú a bheadh ailínithe leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe, is minic gá a bhíonn le rioscaí a laghdú i leith tionscadail caipitil nádúrtha a mbíonn orthu aghaidh a thabhairt ar riosca struchtúracha atá níos airde. Ní mór breithniú cúramach a dhéanamh ar an ardú costas agus ar an gcaillteanas airgid atá le lua le rioscaí uisce. Ba cheart iasachtaí agus deontais thraidisiúnta, caipiteal fiontar, cothromas príobháideach agus poiblí, cistí pinsin agus infheistíochta a úsáid freisin. Tá an baol ann fós go n-úsáidfí snas glas ós rud é nach ann do chaighdeáin chomhsheasmhacha le haghaidh bannaí glasa agus cistí infheistíochta comhshaoil, sóisialta, agus rialachais.

8.5. Ní mór don Choimisiún úsáid chistí ábhartha uile an Aontais agus deiseanna comhpháirtíochta a spreagadh trí chomhpháirtithe sóisialta agus líonraí eagraíochtaí na sochaí sibhialta chun teagmháil a dhéanamh leis na geallsealbhóirí uile, agus béim ar leith a chur ar FBManna. D'fhéadfadh ról tábhachtach a bheith ag maoiniú cumaisc mar gheall ar an toradh íseal a bhíonn ar thionscadail bonneagair uisce. Mar sin féin, is uirlis mhaith infheistíochta fós iad gnólachtaí na seirbhísí uisce.

8.6. Measann CESE gur ríthábhachtach an rud an athléimneacht a ionchorprú sna critéir meastóireachta infheistíochta a bhaineann le huisce. D'fhéadfaí na speansais a bhaineann le téarnamh ó theagmhais dhothuartha amhail stoirmeacha, tuilte, falscaithe, triomach, cibear-ionsaithe nó paindéimí a laghdú nuair atá athléimneacht ann i dteannta leis na hinfheistíochtaí is fearr i mbearta laghdaithe riosca. Ba cheart aird agus maoiniú ar leith a dhíriú ar thionscadail uisce trasteorann.

8.7. An infheistíocht neamhleor agus an t-easpa éifeachtúlachta ó thaobh caiteachais de i dtionscadail a bhaineann le huisce, is iad sin an phríomhchúis nach bhfuil dul chun cinn suntasach á dhéanamh ag an Aontas ná ag an gcuid eile den domhan maidir le sprioc forbartha inbhuanaithe 6 maidir le huisce agus sláintíocht a bhaint amach. Cuireann CESE i bhfios go bhfuil deis ag an Eoraip na dúshláin a bhaineann le huisce a athrú ionas gur ionchais nua a bheidh iontu chun teicneolaíocht a fhorbairt, an tsochaí a chur chun cinn agus don fhás gnó, agus is é a bheidh mar sprioc dheiridh geilleagar ina bhfuil an uisce slán athléimneach, agus deiseanna fostaíochta iomlána agus táirgiúla agus poist ar ardchaighdeán a bhaint amach do chách. Is acmhainn don Aontas a bheith ina cheannaire domhanda i réimse na hathúsáide uisce.

An Bhruiséil, an 13 Iúil 2023.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE

IARSCRÍBHINN

Le linn na díospóireachta, diúltaíodh don leasú seo a leanas a raibh an ceathrú cuid ar a laghad de na vótaí arna gcaitheamh ar a shon (Riail 74(3) de na Rialacha Nós Imeachta):

Leasú 8

Pointe 1.4

Le leasú mar a leanas:

Tuairim ón rannóg	Leasú
Ní mór an méid seo a leanas a dhéanamh agus ní mór é a bheith i gceist leis an gcreat rialála a ghabhfadh le geilleagar gorm an Aontais:	Ní mór an méid seo a leanas a dhéanamh agus ní mór é a bheith i gceist leis an gcreat rialála a ghabhfadh le geilleagar gorm an Aontais:
— é a bheith bunaithe ar phrionsabal na dea-bhaile eacnamaíochta;	— é a bheith bunaithe ar phrionsabal na dea-bhaile eacnamaíochta;
— coinníollachtaí sóisialta agus dlúthpháirtíocht chríochach a chomhtháthú go trasnach;	— coinníollachtaí sóisialta agus dlúthpháirtíocht chríochach a chomhtháthú go trasnach;
— cothromaíocht a bhaint amach idir ábhair imní comhshaoil, shóisialta agus eacnamaíocha;	— cothromaíocht a bhaint amach idir ábhair imní comhshaoil, shóisialta agus eacnamaíocha;
— tairbhe a bhaint as samhlacha rialála nuálacha trasnáisiúnta lena gcothaítear maoiniú, lena rialaítear an ról atá ag an earnáil phríobháideach, lena gcuirtear feabhas ar bhainistiú na n-acmhainní uisce, agus lena spreagtar iomaíochas san Aontas;	— tairbhe a bhaint as samhlacha rialála nuálacha trasnáisiúnta lena gcothaítear maoiniú, lena rialaítear an ról atá ag an earnáil phríobháideach, lena gcuirtear feabhas ar bhainistiú na n-acmhainní uisce, agus lena spreagtar iomaíochas san Aontas;
— samhlacha comhoibríocha gnó agus prionsabail an gheilleagair chomhroinnte a ghlacadh;	— ***'riail óir' a thabhairt isteach le haghaidh infheistíochtaí sa bhonneagar poiblí;***
— creat institiúideach a ghlacadh nach gcuirfeadh bac ar iomaíochas ghníomhaíochtaí eacnamaíocha an Aontais i margadh an domhain;	— samhlacha comhoibríocha gnó agus prionsabail an gheilleagair chomhroinnte a ghlacadh;
— trédhearcacht níos fearr a chur ar fáil maidir le tionscnaimh inbhuanaitheachta.	— creat institiúideach a ghlacadh nach gcuirfeadh bac ar iomaíochas ghníomhaíochtaí eacnamaíocha an Aontais i margadh an domhain;
	— trédhearcacht níos fearr a chur ar fáil maidir le tionscnaimh inbhuanaitheachta.

Cúis

Tá an leasú seo i gcomhréir leis an athrú a moladh agus a míníodh cheana féin le haghaidh phointe 4.9: Is gá 'riail óir' a thabhairt isteach le haghaidh infheistíochtaí poiblí chun seasamh an uisce mar leas coiteann a dhaingniú, mar atá luaite cheana i reachtaíocht an Aontais.

Toradh na vótála

Ar son: 84

In aghaidh: 93

Staonadh: 17

Leasaíodh an mhír seo a leanas den tuairim ón rannóg d'fhonn an leasú a ghlac an Tionól agus a fuair níos mó ná an ceathrú cuid de na vótaí arna gcaitheamh a chur san áireamh (Riail 74(4) de na Rialacha Nós Imeachta):

Leasú 6

Pointe 4.9

Le leasú mar a leanas:

Tuairim ón rannóg	Leasú
D'fhonn cothabháil leordhóthanach ar chórais uisce a áirithiú agus soláthar méadaithe uisce a spreagadh, tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist a bhaineann le huisce neamhioncaim trí thosaíocht a thabhairt do thionscnaimh chothabhála leanúnacha atá dírithe ar sceitheadh uisce a laghdú go suntasach. Cuireann CESE i bhfios go láidir go bhfuil caillteanais shuntasacha eacnamaíocha á nginiúint mar gheall ar chothabháil nár bainistíodh go maith agus nár tugadh dóthain maoinithe di, anuas ar bhainistiú neamhleor na sócmhainní. Ní mór teicneolaíochtaí nua chun sceitheadh a bhrath a fhorbairt láithreach agus ba cheart tacaíocht thiomnaithe a fhorbairt chuige sin.	D'fhonn cothabháil leordhóthanach ar chórais uisce a áirithiú agus soláthar méadaithe uisce a spreagadh, tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist a bhaineann le huisce neamhioncaim trí thosaíocht a thabhairt do thionscnaimh chothabhála leanúnacha atá dírithe ar sceitheadh uisce a laghdú go suntasach. ***Chun gur féidir na tionscnaimh sin a mhaoiniú i gceart, is gá 'riail óir' a thabhairt isteach le haghaidh infheistíochtaí poiblí.*** Cuireann CESE i bhfios go láidir go bhfuil caillteanais shuntasacha eacnamaíocha á nginiúint mar gheall ar chothabháil nár bainistíodh go maith agus nár tugadh dóthain maoinithe di, anuas ar bhainistiú neamhleor na sócmhainní. Ní mór teicneolaíochtaí nua chun sceitheadh a bhrath a fhorbairt láithreach agus ba cheart tacaíocht thiomnaithe a fhorbairt chuige sin.

Toradh na vótála

Ar son: 93

In aghaidh: 76

Staonadh: 12